AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 731 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla**

{SEC(2021) 575 final} - {SWD(2021) 355 final} - {SWD(2021) 356 final}

## IARSCRÍBHINN I

**Faisnéis atá le cur ar fáil de réir Airteagal 7(2)**

(a) i gcás nach bhfuil an fógra trédhearcachta laistigh den fhógra polaitiúil é féin, sampla den fhógra polaitiúil nó léiriú air nó nasc chuige.

(b) céannacht agus bunaíocht an urraitheora a scaiptear an fógra thar a cheann, lena n-áirítear a ainm, a sheoladh, a uimhir theileafóin agus a sheoladh ríomhphoist, agus más eintiteas nádúrtha nó eintiteas dlítheanach é.

(c) an tréimhse a scaiptear an fógra polaitiúil lena linn agus, i gcás inarb infheidhme agus más eol don fhoilsitheoir é, más rud é gur scaipeadh an fógra céanna roimhe seo.

(d) aon toghchán a bhfuil an fhógraíocht nasctha leis, más infheidhme.

(e) an méid comhiomlán sealadach a caitheadh ar an bhfógra sonrach, agus ar an bhfeachtas fógraíochta sonrach i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear ar na fógraí polaitiúla a ullmhú, a shocrú, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh, mar aon le luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógra sonrach, agus ar an bhfeachtas fógraíochta sonrach i gcás inarb ábhartha, maille leis an méid comhiomlán iarbhír a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas nuair is eol iad.

(f) foinsí na gcistí a bhfuiltear á n-úsáid le haghaidh an fheachtais fógraíochta shonraigh lena n-áirítear chun na fógraí polaitiúla a ullmhú, a shocrú, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh.

(g) faisnéis fhóinteach maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun na méideanna agus na luachanna dá dtagraítear in (e) a ríomh.

(h) i gcás gur inar ardán an-mhór ar líne é an foilsitheoir, nasc chuig suíomh an fhógra i stór fógraíochta an fhoilsitheora.

(i) i gcás ina bhfuil an fógra nasctha le toghcháin nó reifrinn shonracha, naisc chuig faisnéis oifigiúil maidir leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sa toghchán nó sa reifreann lena mbaineann.

(j) faisnéis maidir leis an sásra a bhunaítear de réir Airteagal 9.

## IARSCRÍBHINN II

**Faisnéis atá le cur ar fáil de réir Airteagal 12(3)**

(a) na grúpaí sonracha faighteoirí a spriocdhírítear orthu, lena n-áirítear na paraiméadair a úsáideadh chun na faighteoirí a scaiptear an fhógraíocht orthu a chinneadh, leis an leibhéal céanna mionsonraí a úsáideadh le haghaidh an spriocdhírithe, catagóirí na sonraí pearsanta a úsáideadh le haghaidh an spriocdhírithe agus an aimpliúcháin, agus na spriocanna, na sásraí agus an loighic a bhaineann leis an spriocdhíriú agus leis an aimpliú, lena n-áirítear na paraiméadair iniaimh agus eisiaimh agus na cúiseanna ar roghnaíodh na paraiméadair sin.

(b) tréimhse an scaipthe, líon na ndaoine aonair a scaiptear an fógra orthu agus léiriú ar mhéid an spriocphobail laistigh den ghrúpa ábhartha toghthóirí.

(c) foinse na sonraí pearsanta dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis go ndearnadh na sonraí pearsanta a dhíorthú, a infeiriú nó a fháil ó thríú páirtí agus a chéannacht, mar aon le nasc chuig fógra cosanta sonraí an tríú páirtí sin maidir leis an bpróiseáil atá i gceist.

(d) nasc chuig modh éifeachtach chun tacú le daoine aonair a gcearta faoi Rialachán (AE) 2016/679 nó Rialachán (AE) 2018/1725 a fheidhmiú, de réir mar is infheidhme, i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil a spriocdhírítear orthu agus a aimplítear ar bhonn a sonraí pearsanta.